



Clár Ábhair

- 3 Brollach
- 4 Réamhrá
- 5 Fís & Cuspóir
- 6 Bealach BSJ (Ár Luachanna)
- 7 Oidhreacht Bhródúil inár bPobal
- 8 Fíricí & Figiúirí
- 10 Guth ár n-Óige
- 11 Ár nGrá do BSJ
- 12 Cá bhfuil Cumann Naomh Eoin Baile an tSaoir?
- 13 Ár nUaillmhian Imeartha
- 14 On the Ball
- 15-33 Ár Réimsí Fócais

Brollach: Chun Cinn go Caoga



Rinne Coiste Athbhreithniú Straitéiseach Chumann Baile an tSaoir Naomh Eoin scrúdú ar ár ngníomhaíochtaí, ár ndéimeagrafaic agus ár n-iarracht chun réamhaisnéis a dhéanamh maidir le cá mbeidh Baile an tSaoir Naomh Eoin ar ár 50ú comóradh i 2032. Léiríonn an doiciméad athruithe agus dúshláin shochoaíocha. Bhain sé le héisteacht lenár mbaill chlub agus le páirtithe leasmhara agus labhairt leo. Tá an CLG bunaithe ar obair dheonach agus bheadh sé dodhéanta ár n-uailmhian a bhaint amach murach iarrachtaí ár mbaill agus an obair dheonach a dhéanann siad.

Léiríonn an tAthbhreithniú Straitéise seo agus na príomhréimsí fócais atá forbartha sa doiciméad seo ár gcumas, atá cruthaithe go maith againn ar an bpáirc agus lasmuigh den pháirc. Is iad na príomhréimsí fócais na bloic thógála chun cultúr na rannpháirtíochta agus an sármhaitheasa spóirt a spreagadh.

Creideann an coiste athbhreithnithe straitéisigh seo gur féidir linn ár n-uailmhianta spóirt a chomhlíonadh amach anseo agus cloí lenár mian go mbeadh ár gclub tábhachtach don phobal áitiúil agus é lonnaithe i gcroílár phobal Bhaile an tSaoir. Tuigimid go maith, agus éilíonn dúshlán an tsoláthair bonneagair infheistíocht leanúnach chun tacú le níos mó rannpháirtíochta idir óg agus aosta agus ó dhaoine ar chumais éagsúla sna Cluichí Gaelacha

Roinneamar na príomhréimsí fócais ina dhá bhloc. Is príomhréimsí fócais rithábachtacha iad an chéad bhloc chun ár bhfís a bhaint amach.

1. Sármhaitheas Cóitseála.
2. Rannpháirtíocht Imreoirí.
3. Bonneagar agus Áiseanna.

Is iad an dara bloc de phríomhréimsí fócais na príomhréimsí chun Straitéis Bhaile an tSaoir

Naomh Eoin a bhaint amach.

1. Tiomsú Airgid agus Urraíocht
2. Rialachas, Riarachán, Cumarsáid
3. Earcaíocht agus Coinneáil Oibrithe Deonacha
4. Sláinte agus Folláine
5. Pobal agus Inbhuanaitheacht

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a d'oibrigh ar fhorbairt an straitéis. Tá Naomh Eoin Baile an tSaoir ag eagrú cluichí CLG sa cheantar, ag spreagadh ár gcultúr agus ag díriú ar an bpobal ó 1982 i leith. Tá an tábhacht a bhaineann le Cumann Naomh Eoin Baile an tSaoir le tabhairt faoi deara go soiléir sa gceantar seo bíonn neart bail, idir óg agus aosta, a chaitheann dathanna ár gclub go rialta ar fud ár bpobal. Mar choiste, tá súil againn go dtógfaidh Cumann Naomh Eoin Baile an tSaoir ar na traidisiúin bhreátha atá á bhforbairt le 40 bliain anuas. Tá súil againn freisin, i gcomhar lenár mbaill chlub, Urraitheoirí, Comhairle Contae Dhún Laoghaire, Ráth an Dúin agus CLG Bhaile Átha Cliath ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach idir seo agus 2032.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCoiste Athbhreithnithe Straitéiseach as an am a mhaith siad agus an sár-iarracht a rinne siad an doiciméad seo a fhorbairt. Is iad sin Gerry Quinn (Cathaoirleach), Mairead Scanlon, Muireann O'Keeffe, Enda Nolan, Ben Hanlon, Derbhla Nolan, Peadar O Shea agus Shauna Garvin.



An gCoiste Athbhreithnithe Straitéiseach

Gerry Quinn,
Peadar O'Shea
Mairéad Scanlon
Ben Hanlon
Muireann O'Keeffe
Shauna Garvin
Derbhla Nolan
Enda Nolan
Conor Dolan

Réamhrá

Is i 1982 a bunaíodh Cumann Naomh Eoin Baile an tSaoir, ag grúpa díograiseach a raibh fíis acu cluichí agus cultúr na nGael a chur chun cinn sa phobal a bhí ag dul i méid. Ón am sin i leith, tá an club imithe ó neart go neart go dtí an lá atá inniu ann, le breis is 3000 ball chomh maith le naíolann bhríomhar a fhreastalaíonn ar bhreis is 300 páiste ó chúig go seacht mbliana d'aois.

Tá áiseanna den scoth forbartha ag an gclub le freastal ar an líon mór foirne, breis agus céad acu, a imríonn cluichí gach seachtain den séasúr sa gceithre chód: Peil Ghaelach, Iománaíocht, Camógaíocht agus Peil na mBan

Tá an club i gcónaí ag breathnú chun cinn, agus déanaimid amhlaidh arís agus muid ag teannadh lenár gcomóradh 50 bliain i 2032. Dá bhrí sin, tá ár straitéis don todhchaí dar teideal "Chun Cinn go 50" forbartha againn. Maraon le haon chlub eile, tá réimse dúshlán agus deiseanna romhainn agus muid ag féachaint chun cinn i dtreo 2032. Tá déimeagrafaic ár gceantair ag athrú. Tá go leor caithimh aimsirí spóirt agus eile a mheallann spéis ár n-óige. Anuas ar sin, níl ár mbonneagar in ann freastal go sásúil ar ár bhfoirne go léir go háirithe i rith míonna an gheimhridh, i measc rudaí eile. Chuamar i gcomhairle lenár mbaill trína dtuairimí a bhailiú i suirbhé agus éisteacht le guth ár n-óige. Ina theannta sin, eagraíodh oíche speisialta: Cead Cainte le go bhféadfaimis tuiscint a fháil ar na nithe atá tábhachtach d'ár mbaill agus chun cabhrú linn ár bhfís don todhchaí a fhorbairt.

Tá straitéis uaillmhianach leagtha amach againn don chlub, ocht réimse fócais nach mór dúinn aghaidh a thabhairt orthu más mian linn ár bhfís a bhaint amach. Ní pleán í an straitéis, ach leagann sí amach 'treo taistil' chun an club a threorú sna blianta amach romhainn. Is é cur i bhfeidhm na straitéise an príomhbheart reatha, agus beidh gá le hiarracht dhírithe ón gcoiste feidhmiúcháin thar roinnt blianta. Moltar, mar sin, go dtabharfaidh an feidhmeannach tuairisc ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na straitéise do na baill ag chuire Chruinniu Chinn Bliana.

Tá roinnt impleachtaí soiléire ag eascairt as an straitéis. Ar an gcéad dul síos, beidh gá le hiarracht shuntasach tiomsaithe airgid más mian linn ár n-uaillmhian bonneagair a bhaint amach agus sa dara háit, beidh i bhfad níos mó cúnaimh dheonaigh ag teastáil uainn más mian linn an obair atá riachtanach a dhéanamh ar an bpáirc agus lasmuigh di. Ba chóir dúinn dul i ngleic go muiníneach leis na dúshláin seo. Tá éacht déanta cheana féin ó a tháinig muid ar an bhfód mar chlub, agus bogaimis ar aghaidh i dtreo 2032 agus muid ag tógáil ar an mbunchloch daingean úd.



Fís agus Cuspóir

Ár Fís



Tá fís againn bheith inár gclub
ceannródaíoch i mBaile Átha Cliath, club
atá frémhaithe inár
bpobal agus sa timpeallacht chultúrtha,
club a bhfuil cur chuige ionchuimsitheach,
tacúil,
measúil aige agus a chuireann cluichí
Gaelacha ar fáil ar bhealach a spreagann
rannpháirtíocht beag beann ar aois, ar
chumas, ar inscne nó ar chúlra.

Ár gCuspóir



Is é ár gcuspóir cluichí Gaelacha agus ár
gcultúr a chur chun cinn i measc ár
bpobal uilig
agus caitheamh aimsire spóirt sláintiúil,
cuimsitheach agus a mhúnlaíonn
carachtar a chur
chun cinn d'imreoirí chomh maith le
deiseanna cultúrtha agus sóisialta a
chur ar fáil d'ár
mbaill i dtimpeallacht 'Club Amháin'.



Bealach BSJ (Ár Luachanna



Muintearas

Airíonn baill muintearais i gclub ina mbraitheann gach duine go bhfuil luach ag baint leo agus go bhfuil tacaíocht acu i dtimpeallacht a spreagann rannpháirtíocht sa chlub ar feadh a saoil. Cuirimid fáilte roimh bhaill nua, beag beann ar chúlra, ar mian leo páirt a ghlacadh i gclub pobail-bhunaithe, faoi stiúir oibrithe deonacha a chuireann cluichí Gaelacha agus gníomhaíochtaí cultúrtha chun cinn. Tá ard-mheas againn ar ár lucht tacaíochta agus ar ár n-urraitheoirí de bharr an méid a dhéanann siad don chlub.



Rath

Déanaimid ár seacht ndícheall bheith rathúil ar an bpáirc agus lasmuigh di. Cuireann ár dtimpeallacht imeartha agus cóitseála ar chumas ár n-imreoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach agus tús áite á thabhairt acu i gcónaí dá sláinte, dá sábháilteacht agus dá bhfolláine.

Aithnímid ról riachtanach na n-oibrithe deonacha i rath an chlub trí dheiseanna taitneamhacha a thairiscint dóibh bheith bainteach le gníomhaíochtaí ar an bpáirc agus lasmuigh di. Déanaimid iarracht áiseanna agus bonneagar den scoth a fhorbairt, a sholáthraíonn timpeallacht shábháilte, inrochtana agus atá ar ardchaighdeán do gach ball.



Ár nGeansaí

Déanaimid ionadaíocht ar an ngeansaí táinséirín agus dubh tríd an meas a léirímid ar a chéile, ar an bhfreasúra, ar oifigigh chluiche agus ar an bpobal i gcoitinne. Is Club Amháin muid agus tá ár mbaill freagrach as tús áite a thabhairt don Chlub thar leasanna aonair/foirne nó rannóige. Tógaimid ar oidhreacht an gheansaí trí ár bpobal áitiúil a shaibhriú leis na deiseanna spóirtiúla, sóisialta agus cultúrtha a chuirimid ar fáil do gach aois.

Oidhreacht Bhródúil inár bPobal




Fíricí & Figiúirí



DAONRA

2011: 38,643*
2016: 40,217*
2022: 40,372*



RÁTA BREITHE

2011: 6.4 % faoi 4 bliana d'aois
2016: 6.2 % faoi 4 bliana d'aois
2022: 5.3% faoi 4 bliana d'aois.




MÉADÚ AR PHRAGHASANNA NA DTITHE

€560,000 praghas airmheánach ar theach i mBÁC 16.



DAONRA 20-35




Tá céatadán an daonra idir aois 20 agus 35 bliain ag laghdú.

DAONRA AG DUL IN AOIS


2011: 8.6% over 70
2016: 11% over 70
2022: 15% over 70



DAONRA OS CIONN AOIS 40 BLIAIN



Tá céatadán an daonra atá os cionn aois 40bliain ag dul i méid.



Tá thart ar 40,000 duine ina gcónaí i bhfoisceach 2 chiliméadar de Chlubtheach Chumann Naomh Eoin Baile an tSaoir. Níl méadú tagtha ar an daonra le 6 bliana anuas, ach tá an daonra ag dul in aois. Is cosúil go bhfuil daoine sa cheantar seo ag ceannach tithe ag aois níos sine ná mar a bhíodh agus go bhfuil daonra na ndaoine fásta óga ag laghdú. Tá thart ar 10% de na daoine sa cheantar ina mbaill íoctha den Chlub.




*daonra i bhfoisceacht 2 chiliméadar ón gClubtheach

Fíricí & Figiúirí




3800 Ball


Tá an bhallraíocht níos mó ná dúbailte le deich mbliana anuas.




Thar 1900 Baill ag Imirt



CÉATADÁN GUR IMREOIRÍ BAINEANN IAD



Ballraíocht ag imirt



Léargais Thábhachtacha: foirne óga



Buaicráta Breithe

Cé go dtagann laghdú ar líon na n-imreoirí ar chúiseanna éagsúla le linn na ndéaga, tá an chosúlacht ar an scéal go mbeidh líon mór sa chohórt seo sna hocht mbliana atá romhainn.

Príomhléargas: tá líon mór sa bhallraíocht idir 2010-2016/17 a bhogfaidh trírd gclub sa deich mbliana atá romhainn

Páistí faoi 4



2011: 2472
2016: 2449
2022: 2172

Léargas Tábhachtach: tá beagnach 300 leanbh níos lú faoi bhun 4 bliana d'aois sa cheantar ná mar a bhí ann i 2016

Guth ár n-Óige



“Bíonn traenáil go maith agus cineál deacair. Cabhraíonn sé leat feabhsú”

“Bíonn an traenáil taitneamhach. Ní hé ‘a thiarcais, tá traenáil agam atá ann’, ach ‘sea! Táim ag dul chuig an traenáil!”


“Oibríonn meantóirí go dian. Bíonn siad ullamh.”

“Cuireann na meantóirí spraoi sa traenáil trí é a dhéanamh difriúil, ní bhíonn sé ró dháiríre.”

Rinneamar suirbhéanna ag fiafraí de pháistí ar chuile aois a dtuairimí faoin gClub. D'eagraíomar freisin grúpa fócais do bhuachaillí agus cailíní idir 12 agus 15 bliana d'aois chun a dtuairimí a chloisteáil – Céard a thaitníonn leo faoi Chumann Naomh Eoin Baile an

tSaoir, céard nach dtaitníonn leo, agus céard a d'fhéadfaí a fheabhsú. Theastaigh uainn a dtuairimí a fháil faoi na háiseanna atá againn, na meantóirí, an clubtheach agus coinneáil ball. D'eagraigh Clíodhna Purdue, Oifigeach Leanaí BSJ, an grúpa seo.







Cá bhfuil Cumann Naomh Eoin Baile an tSaoir?



An croílár



An chúlchríoch

Ár n-uaimhian imeartha



AGUS MUID AG PLEANÁIL I DTREO ÁR GCOMÓRADH 50 BLIAIN I 2032, AITHNÍMID AN TÁBHACHT A BHAINNEANN LE RATH NA HIMEARTHA AG NA LEIBHÉIL SHINSEARACHA CHUN INSPIORÁID AGUS EISEAMLÁR A CHUR AR FÁIL DO GACH BALL DEN CHLUB, IDIR BHAILL A IMRÍONN AGUS IAD SIÚD NACH N-IMRÍONN, AGUS GO HÁIRITHE CHUN IMREOIRÍ ÓGA AGUS FÁSTA A MHEALLADH AGUS A CHOINNEÁIL. DÁ BHRÍ SIN, TÁ UAILLMHIAN AGAINN IOMAÍOCHT A DHÉANAMH GO SEASTA AG AN LEIBHÉAL IS AIRDE SNA CEITHRE CHÓD AGUS IONADAÍOCHT IMREORA A BHEITH AGAINN GO RIALTA AG AN LEIBHÉAL IDIRCHONTAE. MAR A CHÉILE, AITHNÍMID AN TÁBHACHT A BHAINNEANN LEIS AN UAILLMHIAN RANNPHÁIRTÍOCHT A SPREAGADH AGUS DEISEANNA IMEARTHA FIÚNTACHA A THAIRISCINT DO DHAOINE AG GACH LEIBHÉAL AGUS FREISIN DON RÉIMSE LEATHAN CUMAIS ATÁ ANN. DEIS DO GACH DUINE.



Súil ar an Imirt





Ár réimsí fócais

LEAGANN AN CHUID SEO A LEANAS AMACH NA RÉIMÍSÍ FÓCAIS DON CHLUB THAR NA 7 GO 10 MBLIANA ATÁ ROMHAINN. TÁ 50 RÉIMSE FÓCAIS ANN AGUS ÁIRÍTEAR LEO XX GNÍOMHARTHA NACH MÓR A DHÉANAMH MÁ TÁ AN CLUB CHUN AN STRAITÉIS A CHUR I BHFEIDHM INA IOMLÁINE. BEIDH GO LEOR OIBRE, A LEANFAS AR FEADH ROINNT BHLIANTA, I GCEIST DON FHOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN AGUS DO BHAILL AN CHLUB LEIS NA GNÍOMHARTHA ARDLEIBHÉIL SEO. CAITHFEAR, AG AN AM CÉANNA, TABHAIRT FAOI GHNÁTHIMEACHTAÍ LAETHÚLA AN CHLUB FREISIN.

TÁ NA RÉIMÍSÍ FÓCAIS STRAITÉISE SEO ROINNTE AGAINN I DHÁ GHRÚPA.



Réimsí fócais ríthábhachtacha



Na réimsí ar gá an fócas agus an aird is mó a thabhairt orthu mar gur ionann iad agus bunús straitéis an club. Is iad seo na gnéithe straitéise is feiceálaí agus is inbhraite do fhormhór bhaill an club.

Tá na trí réimse fócais seo ríthábhachtach chun ár bhfís a bhaint amach.

Príomhréimsí fócais



Is gnéithe riachtanacha iad seo chun an straitéis a chur i bhfeidhm. Cé nach bhfuil siad baileach chomh práinneach leis na réimsí fócais ríthábhachtacha, mar sin féin, beidh obair shuntasach ag baint leo sna blianta amach romhainn agus ní mór aird a thabhairt orthu.



►► CHUN CINN GO CAOGA

Réimsí Fócais Ríthábhachtacha



1. BARRFEABHAS CÓITSEÁLA

2. RANNPHÁIRTÍOCHT IMREOIRÍ

3. BONNEAGAR/ÁISEANNA



Príomhréimsí fócais



1. TIOMSÚ AIRGID AGUS URRÁIOCHT

2. RIALACHAS, RIARACHÁN,
CUMARSÁID

3. EARCAÍOCHT AGUS COINNEÁIL
OIBRITHE DHEONACHA

4. SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

5. POBAL AGUS INBHUANAITHEACHT

NÓTA: TÁ NA GARSPRIOCANNA MAIDIR LEIS NA GNÍOMHARTHA ÉAGSÚLA
RANGAITHE MAR A LEANAS: AR SIÚL, GEARRTÉARMACH (2025 / 2026),
MEÁNTÉARMACH (2027 / 2028) NÓ FADTÉARMACH (2028 +)



Réimse Fócais Criticiúil 1: Sármhaitheas Cóitseála

Déanaimid ár ndícheall creat cóitseála agus forbartha atá struchtúrtha agus dea-thacaithe a chur ar fáil d'imreothóirí, ceann a spreagann go láidir an rannpháirtíocht, forbairt scileanna agus taitneamh na gCluichí Gaelacha ar gach leibhéal.

Chun forbairt imreoirí a uasmhéadú ag gach leibhéal, ní mór dúinn cosán cóitseála seasmhach den scoth a thairiscint ó leibhéal ógánaigh go leibhéal na sinsir agus níos faide ar aghaidh. Tá sé seo ríthábhachtach más mian linn bheith ag iomaíocht ag an leibhéal is airde agus freisin más mian linn imreoirí de gach cumas éagsúil a fhorbairt. Tá Cosán Imreoirí CLG bunaithe ar shraith prionsabal a thagann le croíluachanna CLG, an LGFA & Cumann Camógaíochta.

Gliomata	Úinéireacht	Garspriocanna	Torthaí Inmhianaithe
Forbairt Cóitseálaí Oiliúint Cóitseálaithe (Foirmiúil/Neamhfhoirmiúil)	Príomh Chóitseálaí CCC1, CCC2 Coistí Daoine Fásta, Oifigigh Leanaí	Gearrthéarmach - Cúrsa Déach Gradam 1 do Leanaí agus cúrsa Déach Gradam 1 do Dhaoine Óga & do Dhaoine Fásta a chur ar fáil - Cáilíochtaí cuí a bheith ag gach príomhchóitseálaí sa Naíolann (Réamhchúrsa, Fíoraithe ag an nGarda Síochána & Cosaint) - Beirt chóitseálaithe cáilithe Gradam 1 ar a laghad a bheith páirteach i ngach aoisghrúpa - Imeacht mhór Oideachais Cóitseálaithe a óstáil a mheallfadh teagascóirí agus cóitseálaithe ardchaighdeán ó lasmuigh den chlub faoi dhó sa bhliain	- Creat oiliúna cóitseála inrochtana a fhorbairt agus a chur ar fáil, lena n-áirítear deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon chun méid agus caighdeán ár gcóitseála a fheabhsú. - Cosán Forbartha Cóitseála BSJ a fhorbairt agus a thacú.
Forbairt Cóitseálaithe Pobail Chleachtais	Príomh chóitseálaí CCC1, CCC2, Coistí	Gearrthéarmach - Cruinnithe aistriú eolais ag deireadh an tséasúir ó F8 go F14 - Códanna CoP sa Naíolann, CCC1 & CCC2 go luath sa séasúr agus arís i ndiaidh an tSamhraidh	- Tagraíonn Pobal Cleachtais (PCanna) do ghrúpa cóitseálaithe a bhfuil paisean coiteann acu chun a gcleachtas agus a n-eolas a fheabhsú. - CoPanna a bhunú agus tacú leo ag trí chéim ar leith de Chonair an Imreora (Naíolann, CCC1 & CCC2). - Beidh na Cód Imeachta (CoPanna) ag malartú idir cód imeachta inscne-shonrach (fireann/baineann) agus cód-shonrach (iománaíocht/camógaíocht) agus (peil/peil na mban).
Forbairt Imreoirí Naíolann	Príomh Chóitseálaí Fochóiste CCC1	Meántearma - Ceannaire Naíolann ainmnithe ag an gclub a bheidh fáilteach agus cairdiúil i láthair ag an Naíolann seachtainiúil - Cóimheas Cóitseálaí: Leanaí de 1:5 ar a laghad a bheith sa dara bliain den Naíolann	- Tacú le hearcú bliantúil imreoirí agus tuismitheoirí mar chóitseálaithe i Naíolann BSJ - Clár cóitseála na mbunscoileanna a nascadh le hearcú imreoirí don Naíolann. - Béim láidir a chinntiú ar fhorbairt scileanna gluaiseachta bunúsacha mar aon le scileanna na gCluichí Gaelacha a thabhairt isteach. - Aoisghrúpaí féinchothaitheacha ag céimniú ón Naíolann gach bliain le cóimheasa den scoth idir chóitseálaithe agus pháistí agus formhór na n-imreoirí ullmhaithe le himirt i sraitheanna GoGames.

Gliomata	Úinéireacht	Garspriocanna	Torthaí Inmhianaithe
Forbairt Imreoirí Neart & Aclú(N&A) /Forbairt Lúthchleasaíochta	Príomh Chóitseálaí, Cóitseálaí N&A, Daoine Fásta, CCC2 & Coistí Feidhmiúcháin	Gearrthéarmach - Go bhfostófaí cóitseálaí N&A chun tacú leis na 4 Fhoireann Shinsearach go léir - Go reachtálfaí campa Forbartha Lúthchleasaíochta(FL) d'imreoirí CCC2 - Ceardlanna FL do Chóitseálaithe CCC2	- Tacú le bainistíocht na Foirne Sinsearaí sa gceithre chód le forbairt fhisiciúil a n-imreoirí, lena n-áirítear aclaíocht sa gíomnáisiam, cláir reatha agus aclaíochta ar an bpáirc agus rochtain ar bhogearraí cian-riamhchlárú. - Clár Forbartha Lúthchleasaíochta a bhunú ag CCC2 chun barr slachta a chur ar an imirt. - Ceardlanna agus cláir Oideachais Cóitseálaithe do chóitseálaithe CCC2 chun tacú le Forbairt Lúthchleasaíochta.
Forbairt Imreoirí Clár na hIdirbhliana Tacaíocht do na Réaltaí Uile	Príomh Chóitseálaí CCC2 Grúpa na Réaltaí Uile, Coiste Feidhmiúcháin	Gearrthéarmach - Sceideal dhá chúrsa Idirbhliana in aghaidh na bliana agus cuidiú leis na daltaí Idirbhliana taithí a fháil ag cabhrú le cóitseáil sa Naiolann agus leis na Réaltaí Uile. - Críochnú agus céimniú an chlár Idirbhliana a chur ar bhonn foirmiúil trí theastas agus searmanas aitheantais a bheith ann	- Deiseanna a chur ar fáil dár n-imreoirí F15 agus F16 taithí a fháil ar chóitseáil Cluichí Gaelacha i gcláir na Naiolainne agus na Réaltaí Uile. - Na cáilíochtaí riachtanacha a chur ar fáil d'imreoirí óga le go bhféadfaidís iarratas a dhéanamh ar obair chóitseála ar ár gclárampaí.
Forbairt Imreoirí (Ardfeidhmíocht) Cothú Feidhmíochta Anailís Feidhmíochta Siceolaíocht Spóirt Fisiteiripe & Athshlánú	Príomh Chóitseálaí Coistí Daoine Fásta, Feidhmeannach	Gearrthéarmach - Saineolaí cothúcháin feidhmíochta a bheith ann le tacú le hobair an chóitseálaí N&A - Sainmhínte agus teimpléid anailíse feidhmíochta le húsáid sa gceithre chód - Meántearma - Ceardlanna siceolaíochta Spóirt a rolladh amach chuig cóitseálaithe CCC2 & do dhaoine fásta agus tacaíocht ó shíceolaí Feidhmíochta do na 4 fhoireann shinsearacha	- Breathnú ar bhealaí gur féidir linn eolaíocht spóirt a chur i bhfeidhm ar fhorbairt ár n-imreoirí, go háirithe i réimse na feidhmíochta. Ag úsáid prionsabail na heolaíochta spóirt, an taighde eimpíreach is déanaí agus an dea-chleachtas, cuirimid na huirlisí riachtanacha go léir ar fáil dár n-imreoirí chun feidhmiú ar an leibhéal is airde. Beidh Comórtas Mini Craobh na hÉireann BSJ mar bhuaicphointe na bliana d'imreoirí i ngrúpa CCC1. Cuidiú le forbairt ár n-imreoirí óga trí champaí agus cláir struchtúrtha Cásca/samhraidh a sholáthar. Earcú imreoirí nua lasmuigh de chlár na scoileanna a éascú. - Deiseanna agus eispéiris chóitseála a chur ar fáil d'imreoirí faoi aois atá tar éis teacht tríd an gclár idirbhliana.
Campaí & Blitzeanna Campaí Cásca/Samhraidh Mion Uile Éireann	Príomh Chóitseálaí CCC1, Coistí Feidhmiúcháin	Go leanúnach	- Beidh Comórtas Mini Uile-Éireann BSJ mar bhuaicphointe na bliana d'imreoirí i ngrúpa CCC1. - Cuidiú le forbairt ár n-imreoirí óga trí champaí agus cláir struchtúrtha Cásca/samhraidh a chur ar fáil. - Earcú imreoirí nua ó lasmuigh de chlár na Scoileanna a éascú. - Deiseanna agus eispéiris chóitseála a chur ar fáil d'imreoirí faoi aois atá tar éis clár na hidirbhliana a chríochnú.



Réimse Fócas Ríthábhachtach 2: Rannpháirtíocht Imreoirí



Imreoirí a mhealladh agus a choinneáil ar feadh ré a saoil imeartha trí Rannpháirtíocht Phobail agus Eispéiris Dhearfacha na mBall.

In ainneoin go bhfuil borradh faoi láthair faoi bhallraíocht na n-ógánach, tugann anailís ar threochtaí déimeagrafacha inár gceantar le fios go mbeidh laghdú ag teacht ar líon na n-imreoirí i gceantar BSJ as seo go ceann deich mbliana. Is ábhar imní suntasach don chlub é seo. Chun an laghdú seo a mhaolú, ní mór obair a dhéanamh chun imreoirí óga a earcú agus fáilte a chur rompu ag an leibhéal bunúsach. Ba cheart díriú ar naisc fhónta a neartú le bunscoileanna áitiúla chun an grá d'ár gcluichí a spreagadh i measc teaghlaigh áitiúla, agus méadú ar rannpháirtíocht ógánach a spreagadh. Tosaíocht chomh práinneach céanna don chlub is ea ár n-imreoirí reatha a choinneáil trína dtaithí ag BSJ a fheabhsú i gcónaí. Trí thionscnaimh spriocdhírthe, tá sé mar aidhm againn imreoirí a choinneáil rannpháirteach go háirithe le linn tréimhsí aistrithe tábhachtacha, mar shampla an t-aistriú ó ógánach go duine fásta. I gcroílár na hiarrachta seo tá ár ndíonbháilteacht tacú le forbairt ár n-imreoirí - ní hamháin mar lúthchleasaithe, mar dhaoine, ina n-iomláine.

Gliomata	Úinéireacht	Garspriocanna	Torthaí Inmhianaithe
Ag cothú ár naíolann agus ag earcú an chéad ghlúin eile d'imreoirí BSJ	Ceannaire Naíolann an Chlub, Meantóirí Naíolann, Oifigeach um Chur Chun Cinn Chluichí (GPO), Stiúrthóir Cóitseála	Meántéarma: • Iniúchadh ar an smaoineamh naíolann réamhscoile a bhunú, a bhfuil sé mar aidhm aici teaghlaigh le páistí sna luathbhlianta a mhealladh isteach sa chlub. • Coiste Scoileanna (Bunscoile) a bhunú chun tionscnaimh spriocdhírthe a chomhordú. • Caidrimh oibre a chruthú le Príomhoidí Scoile agus múinteoirí atá ina bpáirtithe leasmhara tábhachtacha i bhforbairt chultúr agus chluichí na nGael inár bpobal. • Blitz Scoile bliantúil a eagrú idir scoileanna áitiúla. • Tacaíocht leanúnach don Oifigeach Um Chur Chun Cinn Chluichí agus do champaí samhraidh BSJ.	• Chun BSJ agus Cluichí Gaelacha a chur chun cinn go gníomhach sa cheantar áitiúil. • A chinntiú go bhfaigheann gach leanbh inár scoileanna áitiúla deis taithí a fháil ar Chluichí Gaelacha agus bloic chóitseála a fháil iontu. • Uasmhéadú ar líon na n-imreoirí ag leibhéal na n-ógánach. • Naisc láidre a thógáil le scoileanna áitiúla, le sár-iarracht a dhéanamh cultúr CLG a chur chun cinn i scoileanna a bhfuil líon imreoirí níos lú iontu. • Gníomhaíocht oibríochtúil mhéadaithe ag an Oifigeach Um Chur Chun Cinn Chluichí agus cás ann chun an post seo a bheith ar bhonn lánaimseartha. • Gach scoil a spreagadh agus a thacú chun páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomórta Chumann na mBunscol.
Comhsheasmhacht agus cothroime a chinntiú d'imreoirí ar gach cumas, agus éiteas imreoir-lárnaithe i ngach cinneadh a dhéantar.	CC1, CC2, Comhordaitheoirí fásta, Cathaoirligh ógánaigh, Cóitseálaithe	Gearrthéarmach: • Treisithe curtha ar fáil don pholasaí ábhartha tríd an bpolasaí dé-imreoir nua (2025). Meántéarmach: • Athbhreithniú iomlán ar pholasaí an chlub maidir leis an ábhar.	• Imríonn imreoirí sna grúpaí aoise atá leagtha síos dóibh, ach amháin mar atá leagtha amach i bpolasaí an chlub agus i gcónaí le toiliú feasach na n-imreoirí/tuismitheoirí. • I gcás ina ndéantar sruthú, bíonn deiseanna cothroma ag imreoirí óga imirt agus forbairt le go bhféadfaidís barr a gcumais a bhaint amach, le meantóirí atá cóitseálaithe chun a chinntiú nach gcuirtear róbhéim ar fhorbróirí luatha. • Cinnteoireacht struchtúrtha i gcás imreoirí atá ag imirt os cionn a n-aoisghrúpa.

Gliomata	Úinéireacht	Garspriocanna	Torthaí Inmhianaithe
Ag dul i ngleic leis an líon mór déagóirí a éiríonn as bheith ag imirt: 'Stop an Títim'	Cóitseálaithe Tuismitheoirí	Meántéarmach: - Bunú Coiste Scoile (Meánscoile) chun tionscnaimh spriocdhíríthe a chomhordú. - Coistí do dhaoine fásta do na ceithre chód a bhfuil sé de chúram orthu tacú le haistrithe dearfacha imreoirí ó ghrád na n-óg go grád na ndaoine fásta. - Réimsí tacaíochta le hiniúchadh: - Cúrsaí ceannaireachta Idirbhliana a chur i bhfeidhm, mar shampla tionscnaimh Dermott Earley i measc nithe eile. - Ceardlanna ullmhúcháin scrúduithe (i.e. ceardlanna béil Gaeilge) -Conairí cóitseála agus réiteora do dhaltai na hIdirbhliana. -Úsáid chuí an tseomra ócáidí le haghaidh imeachtaí sóisialta comhtháite. -Tacaíocht le húsáid áiseanna giomnáisiam.	- Bíonn deiseanna éagsúla ag imreoirí atá sna déaga chun ceangal a bheith acu leis an gclub. - Tacaítear le himreoirí atá ag aistriú ó ghrád na n-óg go grad na ndaoine fásta trí phróiseas soiléir aistrithe. - Bain úsáid as an bhfeachtas náisiúnta 'Stop the Drop' agus neartaigh go háitiúil é.
Bainistíocht éifeachtach ar dhéimreoirí	Duine Idirchaidrimh an Dá Chluiche, Cóitseálaithe	Gearrthéarmach - Cur i bhfeidhm Polasaí Imreoirí and dá chluiche: Camógaíocht/LGFA 2025 - Ról Idirchaidrimh déimreoirí ag an leibhéal feidhmiúcháin 2025 - Meántéarmach: -thbhreithniú ar pholasaí imreoirí dhá chluiche na bhfear Fadtéarmach: - Athbhreithniú ar na polasaithe uile i gcomhthéacs an chomhtháthaithe.	Éascú páirt a ghlacadh agus feidhmiú déimreoirí trasna an dá chód, agus tús áite ag leas na n-imreoirí.
Timpeallacht ardfeidhmiúcháin a chothú a thacaíonn le huaillmhianta spóirtiúla ár lúthchleasaithe.	Cóitseálaithe agus foirne cúil, Stiúrthóir cóitseála	Garspriocanna ábhartha leagtha amach ag straitéis choitseála agus bonneagair, agus tacaíocht á fáil ó thiomsú airgid.	Tá rochtain ag imreoirí BSJ ar áiseanna agus acmhainní ardfeidhmiúcháin, rud a chabhraíonn le rath ar an bpáirc.
Tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt neamhfhisiciúil, chultúrtha agus shóisialta imreoirí.	Ionadaí Imreoirí, Cóitseálaithe, Oifigeach na Gaeilge	Fadtéarmach: Tacaíocht do chlubanna agus do chumann inmheánacha chomh maith le himeachtaí bliantúla rannpháirtíochta pobail (amhail lá spraoi teaghlaigh, imeachtaí teanga agus ceoil)	Idirghníomhaíochtaí bríocha lasmuigh den pháirc dár n-imreoirí i gcomhthéacsanna sóisialta agus cultúrtha, rud a thugann mothú sástadachta nach bhfuil baint dhíreach aige le gníomhaíochtaí ar an bpáirc.



Réimse Fócais Criticiúil 3: Bonneagar & Áiseanna



Cinntigh go gcuirtear áiseanna cuí ar fáil le haghaidh oiliúna, cluichí, agus imeachtaí coimhdeacha an chlub.

Ó foilsíodh an Plean Straitéiseach Club deireanach, tá fás suntasach tagtha ar bhallraíocht Cumann Naomh Eoin Baile an tSaoir. Léiríonn sonraí clárúcháin go bhfuil níos mó imreoirí club ann anois ná riamh idir fir agus mná sna gceithre chód, iománaíocht, camógaíocht, agus peil na bhfear agus na mban. Is ábhar bróid é an rannóg rathúil ógánach den chlub agus tá sé le ceiliúradh. Aithnítear, áfach, nach bhfuil an méadú céanna tagtha ar áiseanna imeartha. Tá gá sa chlub le rochtain níos fairsinge ar áiseanna imeartha le cinntiú go mbeidh an taithí is fearr ag imreoirí de chuid Cumann Naomh Eoin Baile an tSaoir agus chun an rath atá uainn amach anseo a bhaint amach. Le blianta beaga anuas, tá aird ar leith tugtha ag Coiste Pháirceanna an Chlub ar an mbrú atá ar áiseanna oiliúna geimhridh atá soilsithe.

Gliomata	Uinéireacht	Garspriocanna	Torthaí Inmhianaithe
Áiseanna oiliúna faoi shoilse a dhaingniú chomh maith leis an bPáirc Uile-Aimsire. Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht tailte a fháil laistigh de ghaireacht réasúnta do bhunáit an chlub le haghaidh forbairt páirce imeartha. Na socrúithe atá i bhfeidhm do Ghleann na Muice, nó áit feiliúnach eile, a choinneáil i bhfeidhm.	Fochoiste	Gearrthéarmach - Staidéar Féidearthachta agus costáil mionsonraithe le haghaidh soláthar agus forbairt láithreáin - Iniúchadh ar siúl faoi láthair ar dheiseanna chun leas a bhaint as oiliúint Ghleann na Muice Meántearma - Forbairt 'Páirc dár gcuid féin'	Deiseanna féidearthachta forbartha a shainaitheint, tabhairt faoi chostáil tionscadal ardleibhéil agus breithnithe pleanála A chinntiú go gcoinníonn an club dhá áis oiliúna faoi shoilse do mhionna an gheimhridh
Dul chun cinn a dhéanamh maidir le cothabháil agus coinneáil na n-áiseanna tábhachtacha atá ann cheana féin, ag tabhairt tús áite d'athfhorbairt na Páirce Uile-Aimsire ag BCS, agus ag uasghrádú an Chlubtheach.	Fochoiste (Leas-Chathaoirleach, Rúnaí, Leas-Rúnaí, Oifigeach Tráchtála)	Gearrthéarmach - Críochnú uasghrádaithe na Páirce Uile-Aimsire & leanúint le socrú na Páirce Uile Aimsire do shóisir Meántearma - Uasghrádaithe ar an gclubtheach chun an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh agus inbhuanaitheacht a fheabhsú	- Uasghrádú a dhéanamh ar an bPáirc Uile-Aimsire mór ag BCS - Rialú a dhéanamh ar an socrú maidir le húsáid leanúnach na Páirce Uile-Aimsire do shóisir ag BCS - Leanúint ar aghaidh ag comhpháirtíocht le BCS ar leasanna comhroinnte - Uasghrádú a dhéanamh ar an gClubtheach chun an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh agus inbhuanaitheacht a fheabhsú, rud a laghdóidh costais reatha leanúnacha
Timpeallacht ardfeidhmíochta a chothú a thacaíonn le huailmhianta spóirtiúla ar lúthchleasaithe.	Cóitseálaithe agus foirne cúil, Stiúrthóir cóitseála	Garspriocanna ábhartha leagtha amach ag straitéis chóitseála agus bonneagair, agus tacaíocht á fáil ó thiomsú airgid.	Tá rochtain ag imreoirí BJS ar áiseanna agus acmhainní ardfeidhmíochta, rud a chabhraíonn le rath ar an bpáirc.

Gliomata	Úinéireacht	Garspriocanna	Torthaí Inmhianaithe
Áiseanna oiliúna faoi shoilse a dhaingniú chomh maith leis an bPáirc Uile-Aimsire. Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht tailte a fháil laistigh de ghaireacht réasúnta do bhunáit an chlub le haghaidh forbairt páirce imeartha. Na socruithe atá i bhfeidhm do Ghleann na Muice, nó áit feiliúnach eile, a choinneáil i bhfeidhm.	Fochoiste	Gearrthéarmach - Staidéar Féidearthachta agus costáil mionsonraithe le haghaidh soláthar agus forbairt láithreáin - Iniúchadh ar siúl faoi láthair ar dheiseanna chun leas a bhaint as oiliúint Ghleann na Muice Meántearma - Forbairt 'Páirc dár gcuid féin'	- Deiseanna féidearthachta forbartha a shainaitheint, tabhairt faoi chostáil tionscadal ardleibhéil agus breithnithe pleanála - A chinntiú go gcoinníonn an club dhá áis oiliúna faoi shoilse do mhíonna an gheimhridh
Comhoibriú le DLR CC chun feabhas a chur ar áiseanna atá ann cheana féin de réir mar is gá	Cathaoirleach an Chlub / Rúnaí an Chlub	Gearrthéarmach Cuir ball den chlub i gcomhpháirtíocht le DLR chun a chinntiú go gcomhlíontar leasanna BSJ	- Cothabháil bhliantúil ar pháirceanna don 6 páirc imeartha i bPáirc Mharlaí, agus iad siúd ag Átha Leathan agus Páirc Loreto - Tá gá le leithris ag Páirc Loreto le go n-úsáidfí na foirne uile an áis seo.
Áiseanna balla liathróide/iománaíochta a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le scoileanna áitiúla agus DLR.	Coiste Feidhmiúcháin	Meántearma 3 bhalla liathróide a bhfuil fáil éasca orthu a chríochnú agus iad a bheith in úsáid ag scoileanna agus ag páistí chun forbairt scileanna a fheabhsú - Oibriú le DLR le haghaidh forbairt Pháirc Mharlaí i gcomhréir le maoiniú Deontas Spóirt 2024	- Rochtain laethúil ar áiseanna a chuirfidh scileanna ar fáil dár mbaill is óige ina gcuid scoileanna, rud a chomhlánaíonn na pleananna chun dul i ngleic go réamhghníomhach le bunscoileanna áitiúla. - Rochtain ar bhalla iománaíochta faoi shoilse, atá mór go leor do fhoirne fásta traenáil air, agus atá furasta a rochtain ó chroílár BSJ.
Comhoibriú le scoileanna agus clubanna spóirt comharsanacha chun áiseanna oiliúna a fháil chun an lorg atá ann cheana a mhéadú	Coiste Feidhmiúcháin	Gearrthéarmach	Iniúchadh a dhéanamh ar áiseanna atá ag eagrais spórt nó scoileanna, agus nach bhfuil lán úsáid á mbaint astu



Príomhréimse Fócais 1: Tiomsú Airgid & Urraíocht



Ní mór dár gclub feidhmiú ar bhonn airgeadais fhónta agus daingean ina maoinítear gnáth chostais reatha trí shíntiús na mball agus ioncam tráchtála.

Beidh gá infheistíocht nua i mbonneagar agus in áiseanna a mhaoiniú trí dheontais rialtais & crannchuir náisiúnta, socruithe comhpháirtíochta agus tiomsú airgid ag baill agus ó fhoinsí corparáide. Tá sé ríthábhachtach urraíocht thráchtála agus chorparáideach shuntasach a mhealladh.

Gliomata	Úinéireacht	Garspriocanna	Torthaí Inmhianaithe
Coiste Tiomsaithe Airgid & Urraíochta a bhunú (thart ar 4/5 rannpháirtithe)	Oifigeach Tráchtála	Gearrthéarmach	- Grúpa a bhunú a bhfuil úinéireacht aige ar threoir agus ar rialachas tiomsaithe airgid agus urraíochta le heagraíochtaí tríú páirtí. - Cur chuige láraithe a bhunú maidir le tiomsú airgid agus urraíocht trína mbainistítear caidrimh urraíochta an Chlub go cúramach. Cabhróidh sé seo le ró-úsáid na n-urraitheoirí céanna agus na ndeiseanna tiomsaithe airgid céanna sa Chlub.
Plean a fhorbairt chun urraitheoirí clubanna a mhealladh, ag sainmhíniú samhail urraíochta chéimnithe – díriú ar ioncam foriomlán an Chlub	Oifigeach Tráchtála	Gearrthéarmach	- Iníúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeadh urraitheoir príomhúil amháin ann, cosúil le clubanna móra uirbeacha eile. - Ábhair a bheith againn le cur i láthair do pháirtithe leasmhara ina leagtar amach roghanna urraíochta Naomh Eoin Baile an tSaoir. - Samhail urraíochta chéimnithe a shainiú (Platanam, Ór, Airgead, Cré-umha). - Tréimhsí ama agus sochair do na leibhéil éagsúla rannpháirtíochta a shainiú go soiléir.
Tosaíocht a thabhairt do thiomsú airgid le haghaidh athsholáthar páirce uile-aimsire	Coiste Tiomsaithe Airgid	Gearrthéarmach	- Breathnaigh ar mheascán de thiomsú airgid agus d'urraíocht chun tacú leis an tionscadal athdhromchlaithe na Páirce Uile-Aimsire. - Forbairt plean gníomhaíochtaí uile-chlub chun cabhrú le costais an athdhromchlaithe a íoc. - Athbhreithnigh indéantacht iasachtaí stuama a fháil le haghaidh cuid de na costais.
Pleanáil feachtas tiomsaithe airgid ilbhliantúil chun 'Páirc dár gCuid Féin' a fhorbairt	Coiste Tiomsaithe Airgid	Meán go fadtréimhseach	Plean 5 – 10 mbliana chun maoiniú a dhéanamh ar fhorbairt incriminteach na páirce agus na saoráide oiliúna

Gliomata	Úinéireacht	Garspriocanna	Torthaí Inmhianaithe
Plean ilbhliantúil a fhorbairt le haghaidh gníomhaíochtaí leanúnacha tiomsaithe airgid	Coiste Tiomsaithe Airgid	Meantéarmach	Forbairt iliomad sruthanna ioncain, lasmuigh de tháillí chlárúcháin, chun freastal ar aidhmeanna phleanála forbartha an chlub m.sh. Ioncam ón gCrannchur Seachtanúil, Siopadóireacht, Biongó, agus Caife a uasmhéadú, agus a mhéadú de réir mar is cuí.
Leag amach treoirlinnte maidir le hionchais tiomsaithe airgid ag leibhéal na foirne, ó fhoirne Óige go foirne Sinsearacha Daoine Fásta	Coiste Tiomsaithe Airgid	Meantéarmach	Déan mionléiriú ar an mbeartas atá ann cheana féin chun treoir níos fearr a sholáthar do phríomh-meantóirí agus do bhainisteoirí foirne chun cuspóirí agus torthaí i bpáirt lena chéile a bheith acu.
Athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail airgeadais atá mar bhonn le reáchtáil an Chlub, mar aon le hiarratais chaipitil ár dtosaíochtaí bonneagair.	Coiste Tiomsaithe Airgid	Gearr go meántéarmach	Múnla airgeadais inbhuanaithe fadtéarmach a fhorbairt chun tacú le costais reatha agus infheistíochta an Chlub



Príomhréimse Fócais 2: Rialachas agus Riarachán & Cumarsáid



Scálú ár struchtúr agus ár n-oibríochtaí chun fás an Chlub le deich mbliana anuas, agus an timpeallacht ina bhfeidhmíonn an Club a léiriú.

Gliomata	Uinéireacht	Garspriocanna	Torthaí Inmhianaithe
Dearadh agus cur i bhfeidhm struchtúr nua coiste feidhmiúcháin ina bhfuil fochoistí atá ann cheana féin agus fochoistí nua páirteach ann	Cathaoirleach an Chlub & an Coiste Feidhmiúcháin	Gearrthéarmach	- Samhail oibriúcháin an Choiste Feidhmiúcháin a bharrfheabhsú trí réimsí fócais shoiléire (cúraimí) a ghlacadh do Chomhaltaí Feidhmiúcháin aonair - Ról níos mó a bheith ag fochoistí i mbaint amach chuspóirí agus cabhrú le hualach na hoibre a scaipeadh ón gcoiste feidhmiúcháin ag méadú an chumais chun cuspóirí a bhaint amach - Fócas níos fearr ar chuspóirí agus réimsí fócais an Chlub ón bhFeidhmeannas go dtí na Fochoistí & an Club iomlán. - Pleanáil chomharbais do bhallraíocht feidhmiúcháin amach anseo le seachadadh trí chonair ó chomhaltaí coiste go poist feidhmiúcháin
Athbhreithniú a dhéanamh ar ár samhail oibriúcháin reatha chun doiciméad forbheathnaithe a chruthú ina leagtar amach na gníomhaíochtaí agus na tascanna a thacaíonn leo agus lena n-úinéirí.	Cathaoirleach an Chlub & an Coiste Feidhmiúcháin ina iomláine	Gearrthéarmach	- Tuiscint níos fearr ar fud an Chlub ar an gcaoi a n-oibríonn an Club agus cé hiad na príomhpháirtithe leasmhara agus teagmhálaithe - Ceadóidh maoirseacht shoiléir ar an tsamhail oibriúcháin dúinn oibríochtaí an Chlub a choigeartú go mion agus cabhróidh sé le forluí neamhriachtanach agus dúbláil iarrachta féideartha a laghdú - Cabhóidh forbheathnú ar mhúnla oibriúcháin an Chlub le hoibrithe deonacha nua réimsí a aithint inar féidir leo a bheith páirteach agus a saineolas a chur ar fáil - Teicneolaíocht agus sonraí a athbhreithniú chun a chinntiú go bhfuil córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint agus cloí le rialacháin - Deiseanna a aithint le haghaidh feabhsúcháin próisis agus pleananna a chur i bhfeidhm chun iad a chur i gcrích nuair is cuí.
Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar na fochoistí reatha, lena n-áirítear a bhfeidhm, a gcomhaltaí, a gculpóirí agus a samhail oibriúcháin.	Rúnaí an Chlub agus Leas-Chathaoirleach	Gearrthéarmach	- Athbhreithniú a dhéanamh ar fhochoistí atá ann cheana féin d'fhonn iad a fhoirmiú le cuspóirí agus téarma oifige sonracha. - Sainaithint a dhéanamh ar bhacainní agus ar rioscaí comhchruinnithe, mar shampla i gcás ina bhfuil líon beag daoine ag cur iliomad tascanna criticiúla i gcrích. Má shainaithnítear iad, plean gníomhaíochta a chomhaontú chun an scéal a fheabhsú. - Réimsí a shainaithint ina bhfuil gá le fochoistí nó grúpaí oibre nua a bhunú chun cabhrú le cuspóirí an Chlub a bhaint amach.
Athbhreithniú a chríochnú ar bheartais, nósanna imeachta agus treoirlínte chreat rialachais reatha an Chlub agus béim ar leith á leagan ar bhunreacht an Chlub.	Le socrú	Gearrthéarmach	- Nuashonraithe ar phróisis agus nósanna imeachta an Chlub lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don chuspóir - Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar bhunreacht an Chlub

Glíomata	Úinéireacht	Garspriocanna	Torthaí Inmhianaithe
Cinntigh go bhfuil córais chomhsheasmhacha agus thrédhearcacha ann chun nuacht agus faisnéis thábhachtach ón gClub a roinnt le baill	Oifigeach caidreamh poiblí	Gearrthéarmach	- Cuirtear faisnéis ar fáil do bhaill ar bhealach comhsheasmhach agus iontaofa - Forbairt straitéise cumarsáide soiléire
Glacadh iomlán le Múnla Aon Chlub CLG	Coiste Feidhmiúcháin	Meantéarmach	Ailínigh le cur i bhfeidhm mhúnla fhoriomlán 'Aon Chlub'
Athbhreithniú a chríochnú ar bheartais, nósanna imeachta agus treoirlínte chreat rialachais reatha an Chlub agus béim ar leith á leagan ar bhunreacht an Chlub.	Le socrú	Gearrthéarmach	- Nuashonraithe ar phróisis agus nósanna imeachta an Chlub lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don chuspóir - Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar bhunreacht an Chlub
Cinntigh go bhfuil córais chomhsheasmhacha agus thrédhearcacha ann chun nuacht agus faisnéis thábhachtach ón gClub a roinnt le baill	Oifigeach caidreamh poiblí	Gearrthéarmach	- Cuirtear faisnéis ar fáil do bhaill ar bhealach comhsheasmhach agus iontaofa - Forbairt straitéise cumarsáide soiléire



Príomhréimse Fócais 3: Earcaíocht agus Coinneáil Oibrithe Deonacha



Méadú a dhéanamh ar ár gcumas oibrithe deonacha breise a earcú agus a choinneáil agus ar ár n-iarrachtaí oibrithe deonacha a chothabháil amach anseo.

Ó bunaíodh é, is í iarracht na n-oibrithe deonacha bunchloch fhorbairt an chlub. Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar an ngá atá le hoibrithe deonacha mar gheall ar fhás na bhfoirne agus na ngníomhaíochtaí lasmuigh den pháirc. Mar sin féin, níor tháinig an méadú céanna ar líon na n-oibrithe deonacha is a tháinig ar líon na n-imeachtaí agus dá bharr sin, bíonn ualach trom oibre ar líon beag ball. Éileoidh an uailmhian atá sa straitéis fiú níos mó iarrachta ó oibrithe deonacha. Ní mór cur chuige dírithe a fhorbairt agus a chur i ngníomh chun a chinntiú gur féidir linn oibrithe deonacha an chlub a mhealladh agus a choinneáil.

Gliomata	Úinéireacht	Garspriocanna	Torthaí Inmhianaithe
Ceap 'fochoiste deonach' a thuairiscíonn don fheidhmeannacht	Cathaoirleach	Gearrthéarmach	Díriú ar an ngá atá le hoibrithe deonacha. Fochoiste le maoirseacht a dhéanamh ar iarrachtaí na n-oibrithe deonacha agus bealaí a aithint agus a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar líon na n-oibrithe deonacha. Athbhreithniú rialta ag an bhFeidhmeannas chun a chinntiú go ndírítear agus go ndéantar iarracht oibrithe deonacha a earcú agus a choinneáil.
Measúnú le déanamh ar ár n-iarracht dheonach reatha agus ról reatha na n-oibrithe deonacha Suirbhé a dhéanamh ar na baic maidir le hearcú agus coinneáil oibrithe deonacha	Fochoiste	Gearrthéarmach	- Soiléireacht ar an iarracht dheonach reatha roinnte de réir cóitseála, bainistíochta foirne, ról riaracháin/tacaíochta, ról coiste - Réiteoirí chun tacú lenár gcluichí gníomhacha - Suirbhé chun iarracht a dhéanamh tuiscint a fháil ar an gcúis go bhfuil daoine drogallach obair dheonach a dhéanamh agus plean a fhorbairt chun na 'baic' a laghdú
Sainaithin Ról/Scileanna Deonacha a bheidh ag teastáil sna 3-5 bliana atá romhainn. Forbair samhail tiomantais ama measctha.	Fochoiste	Gearrthéarmach	- Próifíl ár ról dheonacha - Samhail dheonach atá solúbtha chun freastal ar infhaighteacht ama agus infhaighteacht scileanna - Bonn níos éasca do dhaoine aonair a gcuid ama agus scileanna a thairiscint
Cur chuige comparáide le clubanna eile	Fochoiste	Meántéarmach	- Déan comparáid idir cur chuige chlubanna eile - Féach ar mhúnlaí rathúla a mhacasamhlú - Anailís a dhéanamh ar chomhairle CLG agus tacaíocht CLG/BCBÁC a lorg - Comparáid a dhéanamh le spóirt eile le haghaidh samhlacha rathúla
Próifíl bhliantúil d'oibrithe deonacha a eisiúint agus iarracht dheonach a lorg	Fochoiste	Gearrthéarmach	- Feasacht an Chlub ar an iarracht dheonach go bliantúil agus próifiliú a dhéanamh ar na buntáistí a thugann agus a fhaigheann oibrithe deonacha. - Deis bhliantúil a úsáid chun níos mó oibrithe deonacha a lorg.

Súil ar an Imirt



Príomhréimse Fócais 4: Pobal agus Inbhuanaitheacht



Le cinntiú go mbímid imeasctha i gcónaí inár bpobal, ní mór dúinn deiseanna a aithint chun bheith i dteagmháil go díreach leis an bpobal áitiúil chun luach chun cinn. Tacaímid le húsáid ár n-áiseanna le haghaidh imeachtaí pobail agus freisin ar bhonn tráchtála do ghníomhaíochtaí neamh-lárnacha de chuid CLG. dtabharfar tús áite i gcónaí do ghníomhaíochtaí Club agus do riachtanais ár mbaill.

I measc baill d'ár bpobal áirímid imreoirí agus iad siúd nach n-imríonn, óg agus aosta, baill atá dírithe ar chluichí agus iad siúd a bhfuil spéis níos mó acu i ngníomhaíochtaí cultúrtha Éireannacha níos leithne. Áirímid freisin iad siúd nach bhfuil aon taithí acu ar chluichí Gaelacha ná ar chultúr Gaelach ach ar spéis leo tuiscint a fhorbairt agus tacú le haidhmeanna an Chlub.

Cuirfimid “Ár CLG, ár gClub, an Áit lena mBainimid Uilig” chun cinn agus forbróimid clár for-rochtana Pobail Ár mBSJ chun go mbeidh aithne ag an bpobal i gcoitinne ar ár gClub. Tuigimid an tábhacht atá ann go léireodh ár gClub dea-shampla dár bpobal maidir le hinbhuanaitheacht agus le bithéagsúlacht agus forbróimid plean chun dea-chleachtais a chur i bhfeidhm inár gClubtheach agus in áiseanna eile.

Gliomata	Uinéireacht	Garspriocanna	Torthaí Inmhianaithe
Forbairt clár margaíochta agus for-rochtana “Ár bPobal BSJ” (nó a leithéid).	Oifigeach caidreamh poiblí (OCR)	Gearrthéarmach	- Caidreamh pobail agus an meon go “mBaineann muid uilig le BSJ” a spreagadh - Clár forbartha ag an OCR, agus grúpa oibre más iomchuí, lena cheadú ag an bhFeidhmeannas
Athbhreithnigh “Lá Spráíúil Teaghligh BSJ” chun bonn daingean bliantúil a chur faoi mar bhunchloch dár n-obair phobail agus dár bhfócas.	Le plé le Comhaltaí Feidhmiúcháin CCC1 agus CCC2	Gearrthéarmach	- Próifíl Phobail BSJ Méadaithe - Grúpa oibre eagraíochta bunaithe, dáta socraithe agus ábhar réidh
Coiste Sóisialta a bhunú le téarmaí tagartha chun rannpháirtíocht shóisialta a mhéadú laistigh den Chlub agus daoine ón bPobal níos leithne a mhealladh.	Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach	Gearrthéarmach	- Dhá imeacht inaitheanta ar a laghad agus sé imeacht níos lú pleanáilte agus curtha i gcrích. - Coiste bunaithe le hionadaíocht sa gceithre chód agus sna haoisghrúpaí éagsúla.
Súil a choinneáil ar fhorbairtí tithíochta agus oideachais inár gceantar áitiúil agus iarracht ghníomhach a dhéanamh baill a mhealladh agus cur lenár bpobal.	Clár oibre feidhmiúcháin faoi dhó sa bhliain	Gearrthéarmach	- Fógra roimh ré faoi na forbairtí uile a baineadh amach - Tosóidh sé le linn 2025 Clár oibre Feidhmiúcháin
Coiste a bhunú chun tionscnamh an Chlub Ghlais de chuid CLG a athbhreithniú agus Plean Inbhuanaitheachta cuí a fhorbairt agus inbhuanaitheacht a ionchorprú i ngach polasaí agus cleachtas riaracháin de chuid BSJ maidir le cluichí.	Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach	Meántearma Coiste bunaithe, plean i bhfeidhm agus ceadaithe ag an bhFeidhmeannas	- Próifíl inbhuanaitheachta an Chlub bunaithe. - Pointí cruthúnais fhisiciúla mar shampla luchtair Feithicil Leictreach agus córais bainistíochta fuinnimh. - Pointí cruthúnais daoine mar shampla polasaí dé-imreoirí.
Leanúint ar aghaidh ag cur cultúr agus teanga na hÉireann chun cinn tríd an gClub bheith cláraithe agus páirteach i “Fondúireacht Sheosamh Mhic Dhonncha” le clubanna CLG eile i mBÁC agus ar bhonn náisiúnta	Oifigeach na Gaeilge		Leanúint ar aghaidh le himeachtaí rialta as Gaeilge, ag baint leasa as an líon mór ball a labhraíonn Gaeilge

Gliomata	Úinéireacht	Garspriocanna	Torthaí Inmhianaithe
Forbair clár margaíochta agus for-rochtana "Ár bPobal BSJ" (nó a leithéid).	Oifigeach caidreamh poiblí (OCR)	Gearrthéarmach	- Caidreamh pobail agus an meon go "mBaineann muid uilig le BSJ" a spreagadh - Clár forbartha ag an OCR, agus grúpa oibre más iomchuí, lena cheadú ag an bhFeidhmeannas
Athbhreithnigh "Lá Spraiúil Teaghlaigh BSJ" chun bonn daingean bliantúil a chur faoi mar bhunchloch dár n-obair phobail agus dár bhfócas.	Le plé le Comhaltai Feidhmiúcháin CCC1 agus CCC2	Gearrthéarmach	- Próifil Phobail BSJ Méadaithe - Grúpa oibre eagraíochta bunaithe, dáta socraithe agus ábhar réidh
Coiste Sóisialta a bhunú le téarmaí tagartha chun rannpháirtíocht shóisialta a mhéadú laistigh den Chlub agus daoine ón bPobal níos leithne a mhealladh.	Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach	Gearrthéarmach	- Dhá imeacht inaitheanta ar a laghad agus sé imeacht níos lú pleanáilte agus curtha i gcrích. - Coiste bunaithe le hionadaíocht sa gceithre chód agus sna haoisghrúpaí éagsúla.
Súil a choinneáil ar fhorbairtí tithíochta agus oideachais inár gceantar áitiúil agus iarracht ghníomhach a dhéanamh baill a mhealladh agus cur lenár bpobal.	Clár oibre feidhmiúcháin faoi dhó sa bhliain	Gearrthéarmach	- Fógra roimh ré faoi na forbairtí uile a baineadh amach - Tosóidh sé le linn 2025 Clár oibre Feidhmiúcháin
Coiste a bhunú chun tionscnamh an Chlub Ghlais de chuid CLG a athbhreithniú agus Plean Inbhuanaitheachta cuí a fhorbairt agus inbhuanaitheacht a ionchorprú i ngach polasaí agus cleachtas riaracháin de chuid BSJ maidir le cluichí.	Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach	Meántearma Coiste bunaithe, plean i bhfeidhm agus ceadaithe ag an bhFeidhmeannas	- Próifil inbhuanaitheachta an Chlub bunaithe. - Pointí cruthúnais fhisiciúla mar shampla luchttaire Feithicil Leictreach agus córais bainistíochta fuinnimh. - Pointí cruthúnais daoine mar shampla polasaí dé-imreoirí.
Leanúint ar aghaidh ag cur cultúr agus teanga na hÉireann chun cinn tríd an gClub bheith cláraithe agus páirteach i "Fondúireacht Sheosamh Mhic Dhonncha" le clubanna CLG eile i mBÁC agus ar bhonn náisiúnta	Oifigeach na Gaeilge		Leanúint ar aghaidh le himeachtaí rialta as Gaeilge, ag baint leasa as an líon mór ball a labhraíonn Gaeilge



Príomhréimse Fócais 5: Sláinte & Folláine



Aithníodh sláinte agus folláine ár mbaill mar phríomhthosaíocht ag na baill i gcomhairliúcháin ‘Have Your Say’ BSJ don Straitéis. Aithnítear go bhfuil club rathúil tógtha ar bhunús sláinte choirp, mheabhrach agus shóisialta a bhaill uile. Ní hamháin go bhfeabhsóidh ár ndúthracht i leith cultúr folláine saol an bhaill aonair ach neartóidh sí ár gClub ina iomláine freisin, ag feabhsú ár ról dearfach i measc ár bpobal. Dá bhrí sin, táimid tiomanta cultúr folláine a chur chun cinn inár gClub trí Phlean Sláinte agus Folláine cuimsitheach a chur i bhfeidhm.

Gliomata	Úinéireacht	Garspriocanna	Torthaí Inmhianaithe
Plean Sláinte agus Folláine a Fhorbairt don Chlub	Coiste Feidhmiúcháin	Gearrthéarmach Creat a chur ar fáil le gníomhaíochtaí cur chun cinn sláinte atá ann cheana a chur ar bhonn foirmiúil agus cinn nua a fhorbairt – 2025/26	Timpeallacht thacúil agus fheabhsaithe sláinte a chruthú do gach duine atá bainteach leis an gClub, ó imreoirí go lucht tacaíochta.
Bunaithe ar an bPlean Sláinte agus Folláine, clár imeachtaí Sláinte agus Folláine a fhorbairt	Fochoiste	Gearrthéarmach Fochoiste / Coiste Sóisialta a bhunú. Glac páirt i nDúshlán Céimeanna CLG. Tóg ar ghníomhaíochtaí Club atá ann cheana féin le himeachtaí sláinte agus folláine do bhaill níos sine den chlub san áireamh.	- Clár a fhorbairt ar thopaicí lena n-áirítear cothú, sláinte mheabhrach, cosc féinmharaithe, agus feasacht ar chearrbhachas. - Teagmháil le baill níos sine agus a rannpháirtíocht in imeachtaí an Chlub a mhéadú - Feabhas maidir le sláinte choirp agus meabharshláinte baill níos sine. - Naisc idirghlúine neartaithe sa Chlub.
Athbhreithniú a dhéanamh ar Áiseanna Giomnáisiam agus Téarnaimh sa chlub agus iniúchadh a dhéanamh ar an bhfeidearthacht áiseanna breise a chur ar fáil / comhpháirtíocht a dhéanamh le heagraíochtaí eile.	Coiste Giomnáisiam	Meántearma Measúnú a dhéanamh ar indéantacht rochtain ar shaoráidí giomnáisiam a leathnú	- Cinntigh go gcomhlíonann na háiseanna riachtanais na mball agus go gcuireann siad sláinte agus feidhmíocht fhoirmiúil chun cinn. - Cinntigh go dtacaíonn an giomnáisiam agus na háiseanna téarnaimh leis an bhfeidhmíocht agus oiliúint lúthchleasaíochta is fearr is féidir.
Scagthástáil sláinte	Coiste Feidhmiúcháin	Ar siúl – Leanúint le scagthástáil croí. Gearrthéarmach Bunaigh scagthástáil imreoirí baineann chun cabhrú le cosc gortuithe.	- Brath luath agus cosc ar fhadhbanna sláinte i measc na mball. - Feabhsú feasachta agus bainistíochta sláinte foirmiúil. - Laghdú ar líon na ngortuithe go háirithe i measc imreoirí baineann.

Gliomata	Úinéireacht	Garspriocanna	Torthaí Inmhianaithe
Tacaigh le rannpháirtíocht imreoirí i measc daoine níos sine	G4MO, All Scars, Leids agus Daid, camógaíocht soisialta etc.	Ar siúl	- Ní hamháin go bhfeabhsaíonn na cláir seo sláinte choirp agus meabharshláinte ach cothaíonn siad mothú pobail agus tacaíochta i measc na rannpháirtithe freisin. - Rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a leathnú i measc na meantóirí agus na dtuismitheoirí a bhíonn ar an taobhlíne
Oiliúint Dífhibrileora & Garchabhrach Smaoinigh ar chomhpháirtíochtaí le clubanna comharsanacha chun seo a éascú.	Coiste Feidhmiucháin	Gearrthéarmach Oiliúint Dífhibrileoirí agus Garchabhrach a chur ar fáil do gach meantóir. Eolas ar shuíomhanna dífhibrileoirí sa Chlub.	Cabhraíonn sé go mór dífhibrileoir a bheith ann, agus eolas ar cén chaoi len é a úsáid, leis an ráta marthanais nuair a tharlaíonn stad cairdiach tobann.



Buíochas ar leith le:

Clíodhna Purdue (Oifigeach Leanaí) John Gillick
 (Cumarsáid) Pat Coleman (Tograí
 Rannpháirtíochta Imreoirí) Paul Lundy
 (Grianghrafadóireacht) Paraic McDonald
 (Stiúrthóir Cóitseála & Forbairt Imreoirí) Fiona
 O'Fiach (Grianghrafadóireacht agus Aistriúchán
 Gaeilge) Aifric Ní Chaollaí (Aistriúchán Gaeilge)
 Anna Fahy (Dearadh Grafach agus Cur i Láthair)

BSJ ABÚ

